An Roinn Oideachais
Department of Education

**Imlitir 0015/2023**

**Do Phríomhoidí agus do Bhoird Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal agus Scoileanna Speisialta, agus do Phríomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Leasuithe ar shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí agus socruithe measúnaithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe 1 agus 2

(Do chohóirt scoláirí 2022/25 agus 2023/26)

**Réamhrá**

Is mian leis an Roinn Oideachais údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal, agus scoileanna speisialta a chuireann clár na Sraithe Sóisearaí ar fáil do scoláirí ag leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, a chur ar an eolas faoi leasuithe ar théacsanna liteartha dualgais agus faoi shocruithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) 1 agus 2 ag eascairt as athbhreithniú na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar luath-chur i bhfeidhm shonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2).

Leagtar amach sa Chiorclán seo leasuithe ar na nithe seo a leanas:

- íosmhéid na dtéacsanna liteartha a mbíonn scoláirí á n-ionramháil thar na trí bliana den tSraith Shóisearach do T1 agus T2 chomh maith leis na seánraí atá le fiosrú
- liosta na dtéacsanna liteartha molta don chéad bhliain T2 agus liostaí dualgais de théacsanna liteartha don dara agus don tríú bliain T1 agus T2
- socruithe measúnaithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe 1 agus 2 le haghaidh T1 agus T2.

Gabhann an Ciorclán seo in ionad chiorcláin 0035/2018, 0036/2018, 0068/2018 agus 0069/2018.

Iarrann an Roinn ar údaráis scoile an Ciorclán seo a chur ar a súile do gach múinteoir a mhúineann sonraíochtaí T1 agus T2.

Iarrann an Roinn freisin ar údaráis scoile fógra cuí a thabhairt do scoláirí maidir leis na leasuithe ag tús na scoilbhliana lena mbaineann.

**Leanúntas ar an athbhreithniú luath-chur i bhfeidhm**

Tá tús áite tugtha ag an CNCM freisin d'athbhreithniú leantach ar an luath-chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2023. Díreofar san athbhreithniú seo ar na nithe seo a leanas:

- na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí chun torthaí foghlama na sonraíochtaí T1 agus T2 a chur i bhfeidhm.
- cuir chuige a chuimsíonn gach scoláire atá ag foghlaim na Gaeilge.
- bealaí praiticiúla a spreagann muinín agus cumas scoláirí chun labhairt agus idirghníomhú le daoine eile i nGaeilge le linn na dtrí bliana dá sraith sóisearach.

Díreoidh an t-athbhreithniú seo ar an gcohórt scoláirí a bheidh ag tosú ar an tSraith Shóisearach i mí Mheán Fómhair 2023.

Soláthróidh an t-athbhreithniú deis monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar na hathruithe a shonraítear thuas, atá á tabhairt isteach de bharr an gcéad athbhreithniú den luath-chur i bhfeidhm freisin.

**Athbhreithniú agus léirbhreithniú iomlán ar liostaí théacsanna Gaeilge na Sraithe Sóisearaí**

Déanfaidh CNCM athbhreithniú agus léirbhreithniú iomlán ar liostaí théacsanna Gaeilge na Sraithe Sóisearaí le linn na scoilbhliana 2023/24. Díreoidh an obair athbhreithnithe seo ar infhaighteacht téacsanna agus ar a n-oiriúnacht do

chomhthéacsanna éagsúla scoile. Is chun tacú le múinteoirí agus le scoláirí i roghnú téacsanna atá tarraingteach, ábhartha agus ar chaighdeán oiriúnach do riachtanais foghlama scoláirí a dhéanfar é seo.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclan/15b62-leasuithe-ar-shonraiochtai-gaeilge-t1-agus-t2-na-sraithe-soisearai-agus-socruithe-measunaithe-do-mheasunuithe-rangbhunaithe-1-agus-2/

Ba cheart fiosrúcháin maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig CAP_Helpdesk@education.gov.ie.

**Celeste O'Callaghan,**

**Príomhoifigeach**

**An tAonad um Beartais Churaclaim agus Measúnachta**

**Márta, 2023**

Mar fhreagairt ar iarratais ó pháirtithe leasmhara, choimisiúnaigh an CNCM athbhreithniú ar luath-chur i bhfeidhm shonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2 in 2022. Chuir SEALBHÚ, DCU an t-athbhreithniú seo i gcrích don CNCM. Tá an tuarascáil iomlán ar fail ag Foilseacháin NCCA

Leasaíodh na sonraíochtaí mar fhreagairt ar an athbhreithniú seo.

Tá sé mar aidhm go méadóidh an líon laghdaithe téacsanna liteartha an t-am atá ar fáil chun díriú go sonrach ar chumas na scoláirí labhairt agus idirghníomhú le daoine eile trí mheán na Gaeilge.

Beidh MRB 1 ar siúl sa dara bliain anois ar aon dul le gach ábhar eile sa tsraith shóisearach. Féachann an t-athrú seo le cuid de na brúnna ama sa tríú bliain a d'aithin rannpháirtithe an athbhreithnithe a mhaolú agus fócasú níos mó ar fhorbairt scileanna cumarsáide labhartha a éascú sa tríú bliain.

**Is iad seo a leanas na príomhathruithe don chohórt scoláirí 2022-2025 (scoláirí atá sa chéad bliain sa scoilbhliain reatha) T1 agus T2:**

- Laghdú ar íoslíon na dtéacsanna liteartha dualgais don **dara bliain agus don tríú bliain T1 agus T2**
- Leasuithe ar an **raon seánraí T1 agus T2 mar atá leagtha amach sa tábla ar leathanach 5 thíos**
- Bíonn MRB 1 ar siúl sa **dara bliain T1 agus T2**
- MRB2 athshamhlaithe i dtreoirlínte measúnaithe athbhreithnithe T1 agus T2 a gcuirfidh an CNCM i gcló faoi dheireadh Aibreán.

**Is iad seo a leanas na príomhathruithe don chohórt scoláirí 2023-2026 (scoláirí a bheidh ag teacht isteach sa chéad bhliain) T1 agus T2:**

- Laghdú ar íoslíon na dtéacsanna liteartha a mholtar don **chéad bhliain T2** Liosta Téacsanna Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí Iomlán (curriculumonline.ie)
- Laghdú ar íoslíon na dtéacsanna liteartha dualgais **don dara bliain agus don tríú bliain T1 agus T2**
- Leasuithe ar an **raon seánraí don dara bliain agus don tríú bliain T1**
- Leasuithe ar an raon seánraí **don chéad bhliain, don dara bliain agus don tríú bliain T2**

- Bíonn MRB 1 ar siúl sa **dara bliain**
- MRB 2 athshamhlaithe i dtreoirlínte measúnaithe athbhreithnithe

Tá nuashonrú agus leasuithe déanta dá réir ar na Treoirlínte don Mheasúnú T1 agus T2 . Foilseofar mionshonraí i dtaca le MRB 2 athshamhlaithe do T1 agus T2 i leagan nuashonraithe de *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe*) roimh dheireadh mhí Aibreáin 2023. Beidh gach eolas ar fáil ag Gaeilge (curriculumonline.ie)

***Nóta: Is ag leibhéal comónta atá gach Measúnú Rangbhunaithe.***

## Do scoláirí a bheidh ag dul isteach sa dara bliain in 2023/24 agus ina dhiaidh sin (T1 agus T2)

### *Téacsanna á roghnú*

Tá ról an scoláire i roghnú téacsanna thar a bheith tábhachtach. Ag tógáil ar an taithí a fuarthas ar théacsanna liteartha a fhiosrú le linn na chéad bhliana, thar thréimhse an dara agus an tríú bliain roghnóidh an scoláire i gcomhpháirt leis an múinteoir téacsanna de réir mar atá leagtha amach thíos.

**Níor** cheart téacsanna a ndearnadh ionramháil orthu sa chéad bhliain a áireamh sa roghnú seo. Ní mór téacsanna don dara bliain agus don tríú bliain a roghnú as na liostaí dualgais de théacsanna liteartha atá mar aguisín leis seo.

| **T1** | **T2** |
|---|---|
| Úrscéal amháin (iomlán)<br>Dráma amháin (iomlán)<br>Cúig dhán/amhráin<br>Dhá ghearrscéal<br>Dhá ghearrscannán<br>Cúig théacs áitiúla/béil | Dhá ghearrscannán nó dráma amháin (iomlán)<br>Gearrscéal amháin<br>Ceithre dhán/amhráin<br>Úrscéal amháin (iomlán) *Ardleibhéal amháin* |

.....

Tá na téacsanna liteartha dualgais curtha i láthair in Aguisín 1 le haghaidh T1 agus in Aguisín 2 le haghaidh T2.

## Athbhreithniú

Coinneofar an Ciorclán seo faoi athbhreithniú.

DEIREADH

**Aguisín 1: Ábhar Dualgais do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1**

**Sóisearaí T1 Liosta Téacsanna Dualgais T1**

(Gabhann an liosta téacsanna seo in ionad chiorcalán 0035/2018 agus 0068/2018)

| **Úrscéalta T1 / Novels L1** | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **Údar / Author** | **Foilsitheoir / Publisher** | **Bliain / Year** |
| *Gealach* | Seán Mac Mathúna | Leabhar Breac | 2012 |
| *Tromluí* | Áine Ní Ghlinn | Cois Life | 2009 |
| *Gluaiseacht* | Alan Titley | An Gúm | 2009 |
| *An Túr Solais* | Ríona Nic Congáil | Coiscéim | 2004<br>2007 |
| *Doras Fuinneog Scuab* | Seán Mac Mathúna | Leabhar Breac | 2015 |
| *LabhairAmach.com* | Áine Uí Fhoghlú | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *Réics Carló ar Oileán Mhanann* | Cathal Ó Sandair | An Gúm | 1984<br>2012 |
| *Bithiúnaigh* | Peadar Ó Cualáin | Leabhar Breac | 2012 |
| *An Taistealaí* | Ré Ó Laighléis | Cló Mhaigh Eo | 1990<br>1998 |
| *An Uaigh* | Laoise Ní Chléirigh | Leabhair COMHAR | 2013 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Sárú* | Anna Heussaff | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *An Mianadóir* | Jackie Mac Donncha | Cló Iar-Chonnacht | 2015 |
| *Comhcheilg Pháirc an Chrócaigh* | Diarmaid Ó Ceallaigh | Coiscéim | 2013 |

## Gearrscéalta T1 / Short Stories L1

| Teideal / Title | Údar / Author | Cnuasach / Ar fáil ag / Collection / Available at | Foilsitheoir / Publisher | Bliain / Year |
|---|---|---|---|---|
| *Quick Pick* | Orna Ní Choileáin | *Sciorrann an tAm* | Cois Life | 2014 |
| *Na Bradmharcaigh* | Ré Ó Laighléis | *Punk agus Scéalta Eile* | Cló Mhaigh Eo | 1998<br>2004 |
| *Eoghainín na nÉan* | Pádraig Mac Piarais | *Gearrscéalta an Chéid* | Cló Iar-Chonnacht | 2000 |
| *Íosagán* | Pádraig Mac Piarais | *Ó Pheann an Phiarsaigh* | Cló Iar-Chonnacht | 2016 |
| *An Eochair* | Jackie Mac Donncha | *Bróga Johnny Thomáis* | Cló Iar-Chonnacht | 2012 |
| *Saineolaí Teicneolaí* | Orna Ní Choileáin | *Canary Wharf agus Scéalta Eile* | Cois Life | 2009 |
| *Claonfhéachaint* | Ré Ó Laighléis | *Goimh agus Scéalta Eile* | MÓINÍN | 2004 |
| *An Sceach* | Alex Hijmans | *Idir Dhá Thír* | Cois Life | 2017 |
| *Ag Cúinne M St. agus Wisconsin* | Alex Hijmans | *Idir Dhá Thír* | Cois Life | 2017 |
| *Goimh* | Ré Ó Laighléis | *Goimh agus scéalta eile* | MÓINÍN | 2004 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *An Cluiche Mór* | Ógie Ó Céilleachair | *Katfish agus Scéalta Eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *An Tube* | Ógie Ó Céilleachair | *Katfish agus Scéalta Eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *M'Asal Beag Dubh* | Pádraic Ó Conaire | *Pádraic Ó Conaire: Rogha Scéalta (eag. Diarmuid de Faoite)* | Cló Iar-Chonnacht | 2008 |
| *Clann Uisnigh* | Séamus Ó Searcaigh | *Laochas* | An Gúm | 1945<br>2009 |
| *Bodach an Chóta Lachtna* | Séamus Ó Searcaigh | *Laochas* | An Gúm | 1945<br>2009 |

| **Filíocht T1 / Poetry L1** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **File / Poet** | **Cnuasach / Ar fáil ag / Collection / Aavailable at** | **Foilsitheoir / Publisher** | **Bliain / Year** |
| *Jeaic ar Scoil* | Dairena Ní Chinnéide | *Máthair an Fhiaigh* | Cló Iar-Chonnacht | 2008 |
| *Cad é* | Liam Ó Muirthile | *Walking Time* | Cló Iar-Chonnacht | 1999 |
| *Filleadh ar an gCathair* | Ailbhe Ní Ghearbhuigh | *The Coast Road* | Gallery Books | 2016 |
| *An Foclóirí* | Colm Breathnach | *An Fear Marbh* | Coiscéim | 1998 |
| *Treall* | Caitlín Maude | *Caitlín Maude: Dánta, drámaíocht agus prós* | Coiscéim | 2005<br>2008 |
| *Athair* | Nuala Ní Dhomhnaill | *An Dealg Droighin* | Mercier Press | 1981 |
| *Ceist na Teangan* | Nuala Ní Dhomhnaill | *Pharaoh's Daughter* | Gallery Press | 1990 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Ted* | Joe Steve Ó Neachtain | *De Dhroim Leice* | Cló Iar-Chonnacht | 1990 |
| *Gaiscíoch an Chamáin* | Micheál Ó Conghaile | *Comhrá Caillí* | Cló Iar-Chonnacht | 1987 |
| *Aongus* | Johnny Chóil Mhaidhc | *Buille Faoi Thuairim Gabha* | Cló Iar-Chonnacht | 1987 |
| *Rún* | Caitlín Maude | *Caitlín Maude: Dánta, drámaíocht agus prós* | Coiscéim | 2005<br>2008 |
| *Sámhchodladh* | Colm Breathnach | *An Fear Marbh* | Coiscéim | 1998 |
| *An Grá* | Colm Breathnach | *Croí agus Carraig* | *Coiscéim* | 1995 |
| *Piseoga* | Louis de Paor | *Ag Greadadh Bás sa Reilig* | *Cló Iar-Chonnacht* | 2005 |
| *Deireadh Cóisire* | Gearóid Mac Lochlainn | *Na Scéalaithe* | *Coiscéim* | 1999 |
| *Ceithre Ráithe na Bliana* | Pádraig Mac Suibhne | *Solas Uaigneach* | *An Sagart* | 1992 |

| **Gearrscannáin T1 / Short Films L1** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **Stiúrthóir / Director** | **Scríbhneoir / Writer** | **Léiritheoirí / Comhlacht / Producers / Production Company** | **Ar fáil ag / Available at** |
| *Rúbaí* (2015) | Louise Ní Fhiannachta | Antoin Beag Ó Colla | Gemma O' Shaughnessy/ Magamedia | https://www.tg4.ie/ga/player/boxset/?st=Rúbaí |
| *Síle* (2013) | Cathal Ó Cuaig | Séamus Moran | Ciarán Ó Cofaigh/<br>Síol Scéal | https://www.tg4.ie/ga/player/baile/?pid=5728828053001&teideal=Síle&series=Scéal 1&dlft=3618 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Filleann an Feall* (2000) | Frankie McCafferty | Don Wycherley | Ann Brehony/ Bord Scannán na hÉireann/TG4 | Gearrscannáin DVD |
| *An Díog is Faide* (2004) | Hugh Farley | Hugh Farley | Karen Edmonds/ Espresso Films | https://www.irishfilmboard.ie/directory/view/7799/an-d%C3%ADog-is-faide |
| *An Buille* (2010) | Marion Ní Loinsigh | Tristan Rosenstock | Deirdre Ní Fhlatharta/ Síol Scéal | https://www.tg4.ie/ga/player/baile/?pid=5721623657001&teideal=An Buille&series=Údar&dlft=10493 |
| *Fluent Dysphasia* (2004) | Daniel O'Hara | Daniel O'Hara | Gráinne O'Carroll/ Dough Productions | https://www.irishfilmboard.ie/directory/view/7942/fluent-dysphasia |
| *An Seabhac* (2010) | Trevor Laffey | Paul Mercier | Deirdre Ní Fhlatharta/ Síol Scéil | https://www.tg4.ie/ga/player/baile/?pid=5721622201001&teideal=An Seabhac&series=Údar&dlft=10522 |
| *Sínte* (2014) | Tom Sullivan | Tom Sullivan & Feidlim Cannon | Ciarán Ó Cofaigh/ Síol Scéal | https://www.tg4.ie/ga/player/baile/?pid=5728906752001&teideal=Sínte&series=Scéal 2&dlft=3617 |
| *Fíorghael* (2005) | Macdara Vallely | Macdara Vallely | Tamara Anghie/Zanzibar Films | https://www.irishfilmboard.ie/directory/view/7732/na-fíorghae |
| *Turas Téarnaimh (1954)* | Gerard Healy | *N/bh* | Bord Scannán na hÉireann | *Seoda* (DVD *(Gearrscannán dubh agus bán)* |

| Amhráin T1 / Songs L1 | |
|---|---|
| **Teideal / Title** | **Scríbhneoir / Writer** |
| *An Bóthar* | Mark Ó Loinsigh (bunaithe ar dhán le Seán Ó Riordáin) |
| *An Drúcht Geal Ceo* | Séamas Ó Grianna (a d'aistrigh) |
| *Beir mo Dhúthracht* | Pádraig Ó Siochfhradha |
| *Bí Ann/Leanfaidh mé* | Kila |
| *Ceap do Shuaimhneas* | IMLÉ |
| *An Poc ar Buile* | Traidisiúnta |
| *Cúnla* | Traidisiúnta |
| Aililiú na Gamhna | Traidisiúnta |
| Mise Éire | Pádraig Mac Piarais (liricí) Patrick Cassidy (ceol) |
| An Saol Rúnda | Oisín Mac |
| *Deireadh na seachtaine* | Na Fíréin |
| *Amhrán Chuigéil* | John Beag Ó Flatharta |
| *A Neansaí 'mhíle grá* | Traidisiúnta |
| *Caidé sin don té sin?* | Traidisiúnta |
| *An Seanduine dóite* | Traidisiúnta |
| *Ceol an Phíobaire* | Traidisiúnta |
| *Ag Críost an Síol* | Seán Ó Riada (ceol) |
| *Déan é* | Sruth na Maoile |
| *Deora ar mo chroí* | Enya |

| | |
|---|---|
| *An Mhaighdean Mhara* | Traidisiúnta |
| *Faoiseamh* | Spats Columbo |

| Drámaí T1 / Plays L1 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **Údar / Scríbhneoir / Author / Writer** | **Cnuasach / Collection** | **Foilsitheoir / Publisher** | **Bliain / Year** |
| *Eoghan Gabha* | Pádraig Mac Piarais | *Drámaí an Phiarsaigh* | Irish Academic Press | 2013 |
| *Coimhlint* | Ré Ó Laighléis | *Aistear Intinne* | Coiscéim | 1996 |
| *Aisling Aongusa* | Brian Ó Baoill | *TUB...aiste! agus drámaí eile: Duaisdrámaí an Oireachtais* | www.lulu.com | 2010 |
| *Lá Buí Bealtaine* | Máiréad Ní Ghráda | *Gearrdhrámaí an Chéid Eag. Pádraig Ó Siadhail* | Cló Iar-Chonnacht | 2000<br>2008 |
| *An Casán* | Séamus de Bhilmot | *Gearrdhrámaí an Chéid Eag. Pádraig Ó Siadhail* | Cló Iar-Chonnacht | 2000<br>*2008* |

## Aguisín 2: Ábhar Dualgais do Ghaeilge na Sraithe

## Sóisearaí T2 Liosta Téacsanna Dualgais T2

(Gabhann an liosta seo in ionad chiorcalán 0036/2018 agus 0069/2018)

| Úrscéalta T2 / Novels T2 | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **Údar / Author** | **Foilsitheoir / Publisher** | **Bliain / Year** |
| *Sárú* | Anna Heussaff | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *LabhairAmach.com* | Áine Uí Fhoghlú | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *Tóraíocht Taisce* | Mícheál Ó Ruairc | Cois Life | 2012 |
| *Amach* | Alan Titley | An Gúm | 2003 |
| *Smuf* | Alan Titley | An Gúm | 2012 |
| *Hóng* | Anna Heussaff | Cló Iar-Chonnacht | 2012 |
| *Daideo* | Áine Ní Ghlinn | Cois Life | 2014 |
| *Cúpla* | Ógie Ó Céilleachair | Cló Iar-Chonnacht | 2011 |
| *Éalú san Oíche* | Colmán Ó Raghallaigh | Cló Mhaigh Eo | 2012 |
| *Trumptaí Dumptaí agus An Falla Mór* | Ré Ó Laighléis | Móinín | 2017 |
| *Hiúdaí Beag* | Eithne Ní Ghallchobhair | Cló Mhaigh Eo | 2012 |

| **Gearrscéalta T2 / Short Stories T2** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **Údar / Author** | **Cnuasach / Ar fáil ag / Collection / Available at** | **Foilsitheoir / Publisher** | **Bliain / Year** |
| *Leigheas* | Orna Ní Choileáin | *Sciorrann an tAm* | Cois Life | 2014 |
| *Quick Pick* | Orna Ní Choileáin | *Sciorrann an tAm* | Cois Life | 2014 |
| *Katfish* | Ógie Ó Céilleachair | *Katfish agus Scéalta eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |
| *An Cluiche Mór* | Ógie Ó Céilleachair | *Katfish agus Scéalta Eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2017 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Punk* | Ré Ó Laighléis | *Punk agus Scéalta Eile* | Cló Mhaigh Eo | 1998<br>2004 |
| *Na Bradmharcaigh* | Ré Ó Laighléis | *Punk agus Scéalta Eile* | Cló Mhaigh Eo | 1998<br>2004 |
| *Spás* | Mícheál Ó Ruairc | *Na Lucha ag Rince* | Cló Iar-Chonnacht | 2009 |
| *M'Asal Beag Dubh* | Pádraic Ó Conaire | *Pádraic Ó Conaire: Rogha Scéalta* (eag. Diarmuid de Faoite) | Cló Iar-Chonnacht<br>(ríomhleabhar) | 2008 |
| *Fionn agus an Fathach* | Jacqueline de Brún | N/bh | An tÁisaonad | 2012 |
| *Deirdre an Bhróin* | Máirtín Mac Grianna | N/bh | An tÁisaonad | 2012 |

| **Filíocht T2 / Poetry T2** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **File / Poet** | **Cnuasach / Ar fáil ag / Collection / Aavailable at** | **Foilsitheoir / Publisher** | **Bliain / Year** |
| *Stadeolaíocht* | Marcus Mac Conghail | *Ceol Baile* | Cois Life | 2014 |
| *Jeaic ar Scoil* | Dairena Ní Chinnéide | *Máthair an Fhiaigh* | Cló Iar-Chonnacht | 2008 |
| *An Ghealach* | Caitríona Ní Chléirchín | *Crithloinnir* | Coiscéim | 2010 |
| *Sámhchodladh* | Colm Breathnach | *An Fear Marbh* | Coiscéim | 1998 |
| *Slán* | Áine Ní Ghlinn | *Gairdín Pharthais agus dánta eile* | Coiscéim | 1988 |
| *Ceist na Teangan* | Nuala Ní Dhomhnaill | *Pharaoh's Daughter* | Gallery Press | 1990 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Rún* | Caitlín Maude | *Caitlín Maude: Dánta, Drámaíocht agus Prós* | Coiscéim | 2005 |
| *Aongus* | Johnny Chóil Mhaidhc | *Buille Faoi Thuairim Gabha* | Cló Iar-Chonnacht | 1987 |
| *An Grá* | Colm Breathnach | *Croí agus Carraig* | Coiscéim | 1995 |
| *Deochadh Dorais* | Ailbhe Ní Ghearbhuigh | *The Coast Road* | Gallery Press | 2016 |
| *Maith Dhom* | Máirtín Ó Direáin | *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta* | An Clóchomhar Tta<br>(Cló Iar-Chonnacht) | 2010 |
| *Breith Dáin* | Máirtín Ó Direáin | *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta* | An Clóchomhar Tta<br>(Cló Iar-Chonnacht) | 2010 |
| *Dán do Lara 10* | Michael Hartnett | *A Necklace of Wrens* | Gallery Press | 1987 |
| *Deireadh Cóisire* | Gearóid Mac Lochlainn | *Na Scéalaithe* | Coiscéim | 1999 |
| *Ceithre Ráithe na Bliana* | Pádraig Mac Suibhne | *Solas Uaigneach* | An Sagart | 1992 |

| **Gearrscannáin T2 / Short Films T2** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **Stiúrthóir / Director** | **Scríbhneoir / Writer** | **Léiritheoirí / Comhlacht / Producers / Production Company** | **Ar fáil ag / Available at** |
| *An Teanga Rúnda (2005)* | Brian Durnin | Brian Durnin | Macdaragh Kelleher, Fastnet Films | tg4.ie/foghlaim |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *An tÁdh (2014)* | Colm Baireád | Medb Johnstone | Deirdre Ní Fhlaithearta, ROSG | tg4.ie/foghlaim |
| *Cúilín Dualach (2004)* | Nora Twomey | Jackie Mac Donncha | Ross Murray, Cartoon Saloon agus Seán Ó Cualáin, Sónta Teo. | tg4.ie/foghlaim www.thisisirishfilm.ie |
| *El Toro* | Tomás Seoighe | Tomás Seoighe | David Clarke | El Zorrero Films |
| *Fluent Dysphasia* (2004) | Daniel O'Hara | Daniel O'Hara | Gráinne O'Carroll/ Dough Productions | https://www.irishfilmboard.ie/directory/view/7942/fluent-dysphasia |

| **Amhráin T2 / Songs T2** | |
|---|---|
| **Teideal / Title** | **Scríbhneoir / Writer** |
| *Bí Ann/Leanfaidh mé* | Kila |
| *Fún orm* | IMLÉ |
| *An Poc ar Buile* | Traidisiúnta |
| *Cúnla* | Traidisiúnta |
| *Aililiú na Gamhna* | Traidisiúnta |
| *Mise Éire* | Pádraig Mac Piarais (liricí) Patrick Cassidy (ceol) |
| *An Saol Rúnda* | Oisín Mac |
| *Deireadh na seachtaine* | Na Fíréin |
| *Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir* | Tadhg Mac Dhonnagáin |
| *A Neansaí 'mhíle grá* | Traidisiúnta |
| *An Mhaighdean Mhara* | Traidisiúnta |

| | |
|---|---|
| *Ag Críost an Síol* | Seán Ó Riada (ceol) |
| *Níl mé Marbh* | Róisín Seoige |
| *Solas* | Seo Linn |
| *Déan é* | Sruth na Maoile |
| *Siar go Conamara* | Aerach |

| **Drámaí T2 / Plays T2** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal / Title** | **Údar / Scríbhneoir / Author / Writer** | **Cnuasach / Collection** | **Foilsitheoir / Publisher** | **Bliain / Year** |
| *Gan Choinne* | Ré Ó Laighléis | *Aistear Intinne* | Coiscéim | 1996 |
| *Gleann Álainn* | Brian Ó Baoill | *Bózó agus drámaí eile* | Cló Iar-Chonnacht | 2003 |
| *Na Deoraithe* | Celia de Fréine | *Blúiríní* | COGG | 2015 |
| *Lá Buí Bealtaine* | Máiréad Ní Ghráda | *Gearrdhrámaí an Chéid* Eag. Pádraig Ó Siadhail | Cló Iar-Chonnacht | 2000 2008 |
| *An Casán* | Séamus de Bhilmot | *Gearrdhrámaí an Chéid* Eag. Pádraig Ó Siadhail | Cló Iar-Chonnacht | 2000 2008 |